Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16475/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0306(NLE)**

**FRONT 326**
**COWEB 200**
**MIGR 450**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Samhain 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 546 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus maidir lena chur chun feidhme sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 546 final.

Faoi iamh: COM(2024) 546 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2024
COM(2024) 546 final

2024/0306 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus maidir lena chur chun feidhme sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ar cheann de chúraimí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ('an Ghníomhaireacht') tá oibriú i gcomhar le tríú tíortha i ndáil leis na réimsí a chumhdaítear sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (Rialachán (AE) 2019/1896) ('an Rialachán') 'lena n-áirítear imlonnú oibríochtúil féideartha foirne bainistithe teorainneacha i dtríú tíortha'[1]. Go sonrach, ní mór don Ghníomhaireacht, mar chuid den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a áirithiú[2]. Comhchuid amháin den bhainistiú sin is ea an comhar le tríú tíortha sna réimsí a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2019/1896, lena ndírítear go háirithe ar thríú tíortha comharsanachta agus ar thíortha tionscnaimh nó idirthurais i dtaca leis an imirce neamhrialta.[3] Féadfaidh an Ghníomhaireacht oibriú i gcomhar le húdaráis tríú tíortha atá inniúil maidir le hábhair a chumhdaítear sa Rialachán a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh[4] agus féadfaidh sí gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a dhéanamh ar chríoch tríú tír faoi réir comhaontú ón tríú tír sin.

De bhun Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896, in imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imlonnú i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill d'fhoirne cumhachtaí feidhmiúcháin, déanfaidh an tAontas comhaontú stádais a thabhairt i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann. Ba cheart an comhaontú stádais sin a bheith bunaithe ar an tsamhail arna tarraingt suas ag an gCoimisiún dá bhforáiltear in Airteagal 76(1) den Rialachán sin. Ghlac an Coimisiún an tsamhail sin an 21 Nollaig 2021[5].

Is tír thábhachtach idirthurais fós í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin d'imircigh atá ag iarraidh taisteal i dtreo an Aontais Eorpaigh trí na Balcáin Thiar. Idir mí Eanáir agus mí Mheán Fómhair 2024, cláraíodh beagnach 17 000 cás trasnaithe teorann neamhrialta ar theacht isteach dóibh ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh ar bhealach na mBalcán Thiar, agus bhí thart ar 90 faoin gcéad díobh sin ag teorainn na Cróite leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine braitheadh níos mó ná 5 000 iarracht bhreise ar thrasnú ag an roinn seo le linn na tréimhse céanna.

Grúpaí coiriúla eagraithe a bhíonn ag gabháil do smuigleáil daoine, bíonn siad fós ag díriú ar dhaoine i mbun gluaiseacht neamhrialta agus tá na daoine sin go mór i mbaol sáruithe ar chearta an duine ar feadh an bhealaigh. Tá brú suntasach á chur ar roinnt Ballstát ag an méadú ar an líon imirceach neamhrialta agus ag an méadú ar iarratais ar thearmann dá bharr, rud a fhágann go bhfuil gá le gníomhaíocht choiteann chomhordaithe ar leibhéal an Aontais bunaithe ar phrionsabail an Chomhshocraithe maidir le comhroinnt chóir na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta.

1 Airteagal 10(1)(u) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.
2 Airteagal 71(1) de Rialachán (AE) 2019/1896.
3 Airteagal 3(g) de Rialachán (AE) 2019/1896.
4 Airteagal 73(1) de Rialachán (AE) 2019/1896.
5 Teachtaireacht COM(2021) 829 - Samhail-chomhaontú stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624.

In 2017, chuir an Coimisiún tús le caibidlíocht leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil le comhaontú stádais ar bhonn an Rialacháin a bhí ann roimhe seo maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (Rialachán (AE) 2016/1624). Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil agus chuir an Coimisiún agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a n-inisealacha leis an dréacht-chomhaontú stádais Mí Eanáir 2019. Níor síníodh an comhaontú stádais láithreach, áfach, agus cúpla mí tar éis d'inisealacha a bheith curtha leis an gComhaontú, rinneadh an Rialachán thuasluaite a aisghairm agus cuireadh Rialachán (AE) 2019/1896 ina ionad.

Ós rud é gur tríú tír chomharsanachta í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin atá fós ina tír thábhachtach idirthurais le haghaidh imirce neamhrialta, tá luach an chomhair idir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus Póilíní Teorann na Boisnia agus na Heirseagaivéine fós chomh hard agus a bhí riamh. Le comhaontú stádais bunaithe ar Rialachán (AE) 2019/1896, d'fhéadfaí foirne de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imlonnú chuig teorainneacha na Boisnia agus na Heirseagaivéine, lena n-áirítear le tíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus, dá bhrí sin, thacófaí le Póilíní Teorann na tíre chun a áirithiú go ndéanfaidh aon duine a thagann isteach sa tír amhlaidh i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

An 18 Samhain 2022 fuair an Coimisiún údarás ón gComhairle chun tús a chur le caibidlíocht leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, mar aon le Montainéagró, an tSeirbia, agus an Albáin, le haghaidh comhaontú maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin a bheidh le déanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sna tíortha sin (i.e. comhaontú stádais ar bhonn Rialachán (AE) 2019/1896). An 30 Samhain 2022, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú leis na ceithre thír thuasluaite inar gcuireadh i dtábhacht na príomhrudaí nua a bhí sa samhail-chomhaontú stádais. An 23 Bealtaine, an 16 Iúil agus an 6 Meán Fómhair 2024, rinneadh caibidlíocht idir an Coimisiún Eorpach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis an gcomhaontú via fís-teileachomhdháil agus an 18 Meán Fómhair 2024 in Sarajevo. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas go rialta maidir le dul chun cinn na caibidlíochta sin trí na meithleacha ábhartha. Measann an Coimisiún gur gnóthaíodh na cuspóirí a shocraigh an Chomhairle ina treoracha caibidlíochta, agus measann sé go bhfuil an comhaontú inghlactha don Aontas.

I gcomparáid leis an samhail-chomhaontú stádais, soláthraítear foráil bhreise sa téacs caibidlithe maidir le nós imeachta formheasa inmheánaigh Phóilíní Teorann na Boisnia agus na Heirseagaivéine le haghaidh pleananna oibríochtúla (Airteagal 4(3)); teorainn ar an raon geografach inar féidir leis an mbuanchór a chúraimí a chomhfhreagraíonn do dhlínse chríche Phóilíní Teorann na Boisnia agus na Heirseagaivéine (Airteagal 10(3)) a chomhlíonadh; foráil bhreise lena gceadaítear d'údaráis ábhartha na Boisnia agus na Heirseagaivéine rochtain a fháil ar áitribh Frontex le cead ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Airteagal 11(5)); airteagal modhnaithe maidir le díolúintí pribhléidí atá i gcomhréir leis na forálacha maidir le pribhléidí agus díolúintí a thugtar do na tíortha eile sa réigiún – lena ndéantar foráil maidir le díolúine fheidhmiúil do bhaill foirne arna n-imlonnú ag Frontex le haghaidh cúrsaí coiriúla, sibhialta agus riaracháin (Airteagal 12); foráil gur cheart don Ghníomhaireacht na Póilíní Teorann ar eisíodh doiciméid chreidiúnaithe dóibh a chur ar an eolas (Airteagal 14(6)); foráil lena gceadaítear don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin a iarraidh go gcuirfí deireadh le himlonnú ball foirne aonair a sháraíonn an comhaontú stádais, an plean oibríochtúil nó an dlí náisiúnta (Airteagal 18(7)); foráil maidir le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm (Airteagal 22(2)). Murab ionann agus comhaontuithe stádais eile, leis an gcomhaontú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, déantar an limistéar, ina bhféadfaidh baill d'fhoirne a gcúraimí a chomhlíonadh, a theorannú chun comhfhreagairt don limistéar ina

bhféadfaidh Póilíní Teorann na Boisnia agus na Heirseagaivéine oibriú, is é sin an limistéar lena leathnaítear 10 km intíre ón teorainn agus ag pointí trasnaithe teorann – coigeartaíodh Airteagail 2 agus 10 chun é sin a léiriú.

Leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal, molann an Coimisiún síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

*Staid na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen*

Cuireann an togra seo le *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha. Mar sin féin, níl aon chumhacht ag an Aontas comhaontú stádais a thabhairt i gcrích leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ar bhealach a chuireann ceangal ar an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis nó Lichtinstéin. Maidir leis na gardaí teorann agus baill foirne ábhartha eile a sheolann na tíortha sin chuig an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, chun a áirithiú go mbainfidh siad leas as an stádas céanna dá bhforáiltear sa chomhaontú stádais a bheidh ann amach anseo, ba cheart a shonrú sa dearbhú a ghabhann leis an gcomhaontú stádais a inmhianaithe atá sé comhaontuithe comhchosúla a thabhairt i gcrích idir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus gach ceann de na tíortha comhlachaithe sin.

Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[6]; Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Beidh tionchar dearfach ag neartú rialuithe feadh theorainneacha na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais agus ar theorainneacha na Boisnia agus na Heirseagaivéine féin. Bheadh tabhairt i gcrích comhaontaithe stádais ag teacht leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí níos leithne maidir le comhar mar a leagtar amach i gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin[7].

D'fhéadfadh tabhairt i gcrích comhaontaithe stádais tacú le hiarrachtaí agus gealltanais níos leithne an Aontais Eorpaigh freisin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumais a rannchuidíonn le bainistiú na freagartha ar ghéarchéimeanna agus ar mhaithe leis an gcóineasú a chur chun cinn maidir le hábhair eachtracha agus ábhair shlándála idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Is é Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 79(2)(c) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(5) CFAE bunús dlí an togra seo.

---

6 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

7 IO L 164, 30.6.2015, lgh. 2-547.

Déantar foráil shainráite maidir le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh comhaontú stádais a thabhairt i gcrích in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896, ina luaitear '[i]n imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ón mbuanchór a imlonnú i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill d'fhoirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais [...] i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann'.

De bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta *inter alia* a thabhairt i gcrích nuair a fhorálfar dá thabhairt i gcrích i ngníomh reachtach de chuid an Aontais. Déantar foráil in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir le comhaontú stádais 'a thabharfaidh an tAontas i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann'. Dá bhrí sin, tagann an comhaontú atá le síniú agus le tabhairt i gcrích leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin faoi chumhacht eisiach an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896, den chuid is mó, leanann an comhaontú stádais atá beartaithe an samhail-chomhaontú a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2021[8].

- **Coimhdeacht agus comhréireacht**

*An gá atá le cur chuige coiteann*

Le comhaontú stádais, féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foirne den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach a imlonnú chuig an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, agus leas á bhaint as na féidearthachtaí uile a chuirtear ar fáil le Rialachán (AE) 2019/1896. D'uireasa uirlise den sórt sin, ní féidir ach imlonnú déthaobhach ó na Ballstáit a úsáid chun bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus chun tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin bainistiú a dhéanamh ar an líon suntasach imirceach atá ag iarraidh idirthuras a dhéanamh trína críoch. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige coiteann chun teorainneacha na Boisnia agus na Heirseagaivéine a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

Ní théann forálacha an chomhaontaithe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach, mar atá, ar bhonn an tsamhail-chomhaontaithe stádais, lena gcumhdaítear gach gné is gá chun gníomhaíochtaí na bhfoirne bainistithe teorann as an mbuanchór a dhéanamh a imscarfar chuig tríú tír ina bhfeidhmeoidh baill na bhfoirne cumhachtaí feidhmiúcháin, go háirithe raon feidhme na hoibríochta, forálacha maidir le dliteanas sibhialta agus coiriúil, cúraimí agus cumhachtaí bhaill na bhfoirne, bearta a bhaineann le hoifig allamuigh a bhunú agus bearta praiticiúla a bhaineann le cearta bunúsacha a urramú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ós rud é gur comhaontú nua a bheidh ann, ní fhéadfaí aon mheastóireacht ná seiceálacha oiriúnachta a dhéanamh ar na hionstraimí atá ann cheana. Níl aon ghá le measúnú tionchair chun comhaontú stádais a chaibidliú.

[8] Teachtaireacht COM(2021) 829.

- **Cearta bunúsacha**

I gcomhréir le hAithris 88 de Rialachán (AE) 2019/1896, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid na gceart bunúsach is ábhartha do na réimsí a chumhdaítear leis an gcomhaontú stádais sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.

Sa chomhaontú atá beartaithe beidh bearta praiticiúla a bhaineann le hurramú na gceart bunúsach, agus áiritheofar leis go ndéanfar cearta bunúsacha a urramú go hiomlán le linn gníomhaíochtaí a eagraítear ar bhonn an chomhaontaithe. Forálfar le hAirteagal 8(5) den chomhaontú maidir le sásra um ghearáin atá neamhspleách agus éifeachtach i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2019/1896 chun faireachán a dhéanamh ar urraim do chearta bunúsacha sna gníomhaíochtaí uile a eagraítear ar bhonn an chomhaontaithe agus chun an urraim sin a áirithiú.

- **Cosaint sonraí**

Ós rud é nach mór idir forálacha an chomhaontaithe stádais a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta agus an samhail-chomhaontú stádais, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896, ní dheachthas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le forálacha an chomhaontaithe stádais sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht airgeadais ag baint leis an gcomhaontú stádais ann féin. Beidh costais ar bhuiséad na Gníomhaireachta i gceist le himlonnú foirne bainistithe teorann ar bhonn plean oibríochtúil. Oibríochtaí a dhéanfar amach anseo faoi chomhaontú stádais, déanfar iad a mhaoiniú trí acmhainní dílse na Gníomhaireachta dá bhforáiltear i dtimthriall buiséadach bliantúil an Aontais.

Is cuid de bhuiséad an Aontais cheana féin í ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Gníomhaireachta faoi mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar faireachán cuí ar chur chun feidhme an chomhaontaithe stádais.

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus maidir lena chur chun feidhme sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 79(2)(c) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorann ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imlonnú i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, le hAirteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896[1] iarrtar ar an Aontas comhaontú stádais a thabhairt i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann ar bhonn Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(2) An 18 Samhain 2022 thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin chun teacht ar chomhaontú maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (‘an Comhaontú’)[2].

(3) Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche go rathúil.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[3]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge[4], Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, agus níl sí faoi cheangal aige nó faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don

[1] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

[2] IO L 300, 21.11.2022, lch. 25.

[3] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen, IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

[4] Prótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, IO C 326, 26.10.2012, lch. 299.

Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Ba cheart an Dearbhú atá i gceangal leis seo maidir leis an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) D'fhonn a áirithiú go bhféadfaí buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh go práinneach ar chríoch na Boisnia agus na Heirseagaivéine, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach.

(8) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(9) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé freisin a áirithiú go dtabharfar fógra don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin maidir lena bhfuil ar intinn ag an Aontas an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach ó dháta a shínithe go dtí an uair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin a shíniú, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An Dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh seo, déanfar é a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Is go sealadach a chuirfear an Comhaontú i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 22(2) den Chomhaontú, ó dháta a shínithe, go dtí an uair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*